**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA** **S.7**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**AN DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1**. Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Saol an duine óig faoin tuath sa lá atá inniu ann – na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis.
(ii) An lá ba thábhachtaí i mo shaol go dtí seo.
(iii) An réalta spóirt nó an réalta scannán is rogha liom.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

"Bhí an cheolchoirm díreach ag tosú agus radharc an-mhaith againn ar an ardán …"

(ii) Déan cur síos ar thimpiste a tharla i gclós na scoile.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin:-

(i) "Is mór an cur amú ama é a bheith ag breathnú ar an teilifís."

(ii) "Is beag an meas atá ag Éireannaigh ar a dtimpeallacht."

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Tá an-suim agat i gcúrsaí cócaireachta agus iarradh ort alt a scríobh faoi d'iris na scoile.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile faoin ábhar sin.

(ii) Chonaic tú clár teilifíse ag plé le cúrsaí ólacháin i measc daoine óga.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig an iris idirlín Beo (http://www.beo.ie) ag léiriú do thuairimí féin faoin scéal.

**THALL →**

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Chuaigh tú chuig dioscó oíche amháin agus bhí tú an-déanach ag filleadh abhaile. Ní raibh do thuismitheoirí róshásta leat. Scríobh **an comhrá** a bhí idir tusa agus d'athair (nó do mháthair) an mhaidin dár gcionn.

**B.** Iarradh ort agallamh a chur ar an bpríomhoide faoi chúrsaí spóirt i do scoil féin d'iris na scoile. Rinne tú téipeáil ar an agallamh. Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar alt in *Foinse*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.
*[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

# Tá an Mol Thuaidh ag leá

**1.** Ní leac oighir ach uisce atá le feiceáil ag an Mol Thuaidh an samhradh seo – den chéad uair le tuairim is caoga milliún bliain. Chuaigh eolaithe, mairnéalaigh agus thart ar chéad turasóir ar bord an *Yamal*, long Rúiseach a bhfuil trealamh speisialta uirthi chun an leac oighir a bhriseadh, agus rinne siad an turas go dtí pointe a bhí an-ghar don Mhol Thuaidh.



**2.** Ach, nuair a shroich an bád an áit, bhí iontas an domhain ar chaptaen na loinge nach raibh aon leac oighir le feiceáil ann. Bhí an turas céanna déanta aige deich n-uaire le blianta beaga anuas ach ní raibh rud mar seo feicthe aige riamh cheana féin. Bhí orthu turas mara sé mhíle eile a dhéanamh go dtí gur aimsigh siad an leac oighir, le go bhféadfadh na paisinéirí gabháil amach air agus a rá "gur sheas siad ar an Mol Thuaidh".

**3.** Is é seo an léiriú is soiléire fós go bhfuil an domhan ag téamh ag ráta níos tapúla ná mar a chreid formhór na n-eolaithe cúpla bliain ó shin. Meastar anois go leáfaidh an plána oighir san Artach ina iomláine faoi lár na haoise seo. Tuairiscítear cheana féin go bhfuil an Béar Artach ag cailleadh meáchain toisc go bhfuil bia ag éirí gann ann.

**4.** Má leánn an leac oighir ar fad ag an Mol Thuaidh beidh tionchar an-mhór aigesean ar Éirinn agus ar thuaisceart na hEorpa i gcoitinne. Cuirfear Sruth na Murascaille dá threo agus beidh an aimsir i bhfad níos fuaire ná mar atá sí anois.

**5.** Tá an domhan ag téamh os comhair ár súl mar go bhfuil $CO_2$ agus gáis eile á gcaitheamh amach san aer gan chosc gan srian. Leagadh síos treoracha do thíortha ag Comhaontú Kyoto i 1997 agus arís san Hág in 2000 maidir leis an gceist seo. Is beag tír, áfach, atá ag cloí leis na treoracha sin. Tá gá anois le gníomhaíocht ó lucht tionscail agus ó na tíortha forbartha chun an fhadhb seo a réiteach nó beidh sé ródhéanach ar fad aon rud a dhéanamh faoi.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

(i) (a) Breac síos pointe eolais **amháin** ón sliocht i dtaobh an *Yamal*.
(b) Cén fáth a raibh iontas an domhain ar chaptaen an *Yamal*?

(ii) (a) Cén fáth, de réir an údair, a dtéann turasóirí ar an turas seo?
(b) Breac síos pointe eolais **amháin** ón sliocht mar gheall ar an mBéar Artach.

(iii) (a) Cá fhad eile a thógfaidh sé sula leáfaidh an plána oighir san Artach?
(b) Breac síos tionchar **amháin**, de réir an údair, a bheidh ag leá an leac oighir ar Éirinn.

(iv) (a) Léiríonn an t-eolas i dtaobh An Mhoil Thuaidh, in **Alt 5**, go bhfuil fadhb againn. Cad í an fhadhb?
(b) Breac síos cúis **amháin** atá leis an bhfadhb seo.

(v) (a) Cad a tharla ag Comhaontú Kyoto (1997) agus san Hág (2000)?
(b) Conas is féidir an fhadhb seo a réiteach, dar le húdar an tsleachta seo?